

Nodlaig do-chuamair don Chraoibh

[Knott, E.: *The Bardic poems of Tadhg Dall Ó hUiginn*, Irish Texts Society 22-23 (1922, 1926), poem 8; with additions from P. Ó Macháin 'Additional readings to some of Tadhg Dall Ó hUiginn's poems', *Celtica* 18, 69-76]

1 Nodlaig do-chuamair don Chraoibh
ollamhain Fhódla d'éantaoibh
ar slios réidh an bhrogha bhuig
i robha Ó Néill um Nodluig.

2 Baile do bhailtibh Í Néill
an Chraobh shíodhamhail shoiléir -
níor dealbhadh aoinlios budh fhearr -
lér ceangladh aoibhnios Éireann.

3 An uairsin is é tarla
fan gcuing ríogh gan fhreasabhra
géag shaor ó Tholaigh Theamhrach,
an chraobh thoraidh Toirdhealbhadh.

4 I gcionn deich mbliadhan do bhí
ó do hoirdneadh an t-airdrí,
san Chraoibh ar dtógbháil toighe
do chraoibh ógnáir Almhoine.

5 Gluaismidne i gceann na Craoibhe
d'fhios an déidghil dreachnaoidhe,
lucht comhmolaidh Fáid na bhFionn,
mar táid ollomhain Éirionn.

6 Tarfás dúinn ag dol inte
gur thuit froigh na firminte,
le tairm ngreagh srianbhuidhe seang
fa fhear rianmhuighe Raoileann.

7 Tarfás dúinn 'na dheaghaidh sin,
ó dhealradh airm is éididh,
go raibhe idir bharr is bhun
an baile ann ar n-adhnadh.

8 Samhlamaoid re fuaim a bhfleadh -
cúirt í Néill na Naoi nGeimheal -
muir anfaidh ag tochta i dtráigh,
re dabhchaibh corcra ag comhdháil.

9 Feadh amhairc ón mhúr amach,
re faoidhibh ceóil na cathrach,
gé bheith mé ar uillinn gach fhir

ní chluininn é mun aimsin.

10 Suil tairnig dhúin dul 'na gar
dar liom fa lór do shásadh
niamh a corn n-ochtsholus n-óir,
boltonus a corm gcomhóil.

11 Suidhmidne ar slios na faithche,
na sluaigh theagair thiomsaighthe;
ar bhrú an tighe fhéaraírd fhinn
file as gach éanaird d'Éirinn.

12 Tig chugainn i gcionn athaigh
aos grádha í Chuinn Chéadchathaigh,
gur fháiltigh gach duine dhínn
le fáiltibh uile ón airdrígh.

13 Amharc ar airdrígh Uisnigh
ní fríoth uainn an adhuighsin,
ó sduaigh shing bhogfholtaigh Bhreagh
sinn dár gcodaltaigh cuirthear.

14 Do ghabhsad dúinn ag dáil fhleadh
ó sin amach go maidean
dáilimh fhionnuallcha í Néill náir,
gan chéim n-ionnfhuartha d'fhagháil.

15 Cuiris fhear dá fhéachain ruinn
an raibhe i n-éandán aguinn
sgeóil a threasa ar fheadh nÉireann,
feasa a chean nó a chaithréimeann.

16 "Ní fhuil," ar éigse Banbha,
"'s atá," ar an t-aos ealadhna,
"bunadh craobh gcaibhneasa ó gCuinn,
gan taom n-ainbhfeasa aguinn."

17 "Atáid linn 'Sochair Síil Néill'",
ar filidh Éireann ainnséin;
"'s ar ghabh dá gcineadh Bóinn Bhreagh,
's ar dligheadh dóibh do dhéineamh."

18 "Atá linn gur dó dleaghair
Múr Cruachna an chláir mhínshreabhaigh,
is Múr Té an bhraonoirir bhinn,
's gurb é is aonoighir d'Éirinn."

19 Téid an teachtaire céadna
d'fhios an ghruaidhghil ghnúisdéadla;

na forfhuighle i gcéill do chuir
d'Ó Néill Mhodhuirne ar maduin.

20 “Más é is fháth molta,” ar mac Néill,
“dóibh, a ndubhradar ainnséin,
mó is neamhmoladh é orthaibh,
greannoghadh é ar Eóghanchaibh.”

21 “Aoir mhór do mhacraidh Teamhrach,
Clár Teamhrach,” ar Toirdhealbhach,
“do bhuaín do shíol iochtmhar Airt,
'snách tiocfadh díobh a dhíoghailt.”

22 Do ráidh Ó Néill Teamhrach Truim
nách éisdfeadh éandán aguinn,
'sgo dtiobhradh díol ar gach dán,
gníomh dob iongnadh re a iomrádh.

23 Tigid chugainn re a chois soin
ó Néill Caille is clann Eóghain,
'san coillbhile ós chlár Uladh
lán d'oirbhire ar n-ealudhan.

24 Níor thógaibh mac Néill Í Néill
an aghaidh mhiochair mhínréidh,
nó an súil gcuirr mongabhraigh mir,
re hollamhnaibh fhuinn Éibhir.

25 Do-rinne rothnuall corcra
dá ghnúis áluinn éadrochta,
ó thracht bhuint mhaoithréidh mheanmnaigh
go saoirchéibh dtruim dToirdhealbhaigh.

26 Do líonsam uile d'omhain
ré n-airdrígh chlann gConchobhair,
ar mbeith fa éinfheirg uile
do chleith bhéildeirg Bhóruimhe.

27 Gabhmaoid do bhriathraibh binne
ag iompódh a intinne,
ar tí a fheirge ar gcúl do chor,
'sníorbh fheirde dhún a dhéanomh.

28 Ar mbreith féin do léigeadh lionn
leis ó Néill na Naoi nGéibhionn,
'sníor éisd saorbharr sluaigh Mhonaidh
aonrann uainn dár n-ealodhain.

29 Atá sé ó sin i le

fa aontuinn fhíochmhair fheirge,
do rígh clann bhfionnuadhadh bhFáil
gan ionnfhuaradh ann d'fhagháil.

30 Fiarfaighim d'airdrígh Oiligh,
más mithigh é d'fhiarfoighidh :
briocht díbhfeirge 'na ghnúis ghil
gá cúis fhírfheirge ór éirigh?

31 Créad an fhearg mhórso ar mhac Néill
tar éis cháich dó do dhaighréir?
créad lér hadhnadh a ghruaidh ghlan,
nó an bhfuair adhbhar dá hadhnadh?

32 Dá bhféadthaoi a rádha ris féin,
fan bhfeirg móirse ar mhac saoirNéill,
ní fhuil ní d'adhbhar aige,
sí d'adhnadh is usaide.

33 Comhmór ceannaighthear a chlann
ag bruach Inbhir Dá Éagann
's ag Finn bháin thiormshrothaigh the,
's ag Tráigh bhionghoathaigh Bhaile.

34 Comhmór atáthar dá thol
ag Drobhaois, ag Aird Uladh,
's ag Srúibh mhóir bhraonnuaidhe Bhreagh
's ag Bóinn taobhuaine Tailtean.

35 Ní fhaghaim adhbhar feirge
ag rígh fholtchas fhinnDeirge,
acht tír do thoidheacht dá thoil
ó rígh go hoireacht d'Ultoibh.

36 Acht so amháin, is maith aithnim,
fearg an mhéirghil mhalaichshlim
mar nách rabha neach d'Ú Néill
ag cara a chreach i gcaithréim.

37 Go ló an bhráith do bhiadh 'na gcionn,
dá gcumthaoi ag éigsibh Éirionn
creacha foda an mhóir mheanmnaigh,
slóigh is troda Toirdhealbhaigh.

38 Gidh eadh bhós ní baoghlach dáibh
dá mbeith sluagh Éireann d'éanláimh
'na n-aghaidh is é ar a son,
ní lamhair é 'sgach ionodh. [NODLAIG]

For the following see *Celtica* 18, 69-70

39 [Ní guais] dúinn a ndionga sinn
ó tá ar mo shon mar shaoilim
beithir taoibhgheal ó Bhóinn Bhreagh
aoibhean darab cóir creideamh.

40 [Saorchlan]n Chonuill is clann Néill
maith (?) iad um aghaidh d'aoimhéin
[..] 'na ndáil(?) ucht re hucht
budh dóigh Anna dom fhurtacht.

41 [A]r Shíol cColla na ccolg sen
.rachaidh gairm uainn 'na héigen
'sar Chloinn réidh Artúir uile
dá céibh fhaltúir órd[h]uid[h]e.